Ceiliúradh an Bhlascaoid 2011

Idir ealaíon, an ealaíon dhúchasach san áireamh, drámaíocht, amhránaíocht, ceol, léachtaí staire, taispeántas scannánaíochta agus tírdhreach álainn, ba éasca mic léinn dochtúireachta Roinn na Gaeilge, Aingeal Ní Chualáin, Hugh Rowland, Liam Ó hAisibéil agus Eilís Ní Dhúill, a mhealladh ó na leabhair chun deireadh seachtaine a chaitheamh ag Ceiliúradh an Bhlascaoid in Ionad an Bhlascaoid i nDún Chaoin le déanaí. Ócáid bhliantúil is ea í seo, a dhéanann ceiliúradh ar phobal an Bhlascaoid Mhóir a tréigeadh sa bhliain 1953.

Mar chuid de chomóradh phobal an Bhlascaoid i mbliana bhí sé d'ádh orainn scoth na gceoltóirí agus na n-amhránaithe ar an sean-nós a chloisteáil agus chuir Aisteoirí Bhréanainn, aisteoirí óga ina measc, taispeántas iontach ar stáitse dúinn san oíche Dé Sathairn. Rinne an file Domhnall Mac an tSíthigh cur síos an-bhreá ar an naomhóg agus ar na héachtaí a rinne fir ar an bhfarraige i ndrochaimsir chun daoine a thabhairt slán ón ngátar.

Rinneadh ceiliúradh i mbliana freisin ar shaothair an amharcealaíontóra Maria Simmonds-Gooding, duine de mhórealaíontóirí nua-aoiseacha na tíre seo, atá ag cur fúithi i gCorca Dhuibhne ó 1968. Bean inspioráideach is ea Simmonds-Gooding, nó 'Máire Mhaith', mar a thugtar uirthi go háitiúil.

Is iad na pobail cosúil le pobal Chorca Dhuibhne a thabharfaidh na healaíona slán ó stoirm an domhandaithe atá ag druidim linn, mar a chuir Theo Dorgan é. Gura fada buan iad!

Aingeal Ní Chualáin & Eilís Ní Dhúill